



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An tSraith Shóisearach, 2022

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Matamaitic

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí ina dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu ar an scrúdpháipéar seo:

Lipéad an scála	A	B	C	D
Líon na gcatagóirí	2	3	4	5
Scála 5 mharc	0, 5	0, 2, 5	0, 2, 3, 5	0, 2, 3, 4, 5
Scála 10 marc		0, 5, 10	0, 4, 7, 10	0, 3, 5, 8, 10
Scála 15 mharc			0, 5, 10, 15	0, 6, 10, 12, 15

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéal

A-scálaí (dhá chatagóir)

- freagra mícheart (creidiúint ar bith)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

B-scálaí (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

C-scálaí (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

D-scálaí (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar uimhreacha a shlánú go mícheart, ina bhfághtar aonaid ar lár, ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair, nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt chomh maith atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine. Tugtar *Creidiúint Iomlán –1* ar an leibhéal creidiúna seo. Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint Iomlán –1* de 9 marc a thabhairt.

Ní fhéadfar marc ar bith a thabhairt seachas na marcanna sin ar an scála cuí, agus *Creidiúint Iomlán –1*.

Go ginearálta, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin de cheist lena húsáid i gcodanna ina dhiaidh sin den cheist mura róshimplíonn sé sin an obair lena mbaineann.

Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

Ceist 1 (20)

- (a) 15D
- (b), (c) 5C

Ceist 2 (35)

- (a) 15C
- (b) 5B
- (c) 5B
- (d) 10C

Ceist 3 (30)

- (a) 5B
- (b) 10C
- (c) 10B
- (d) 5B

Ceist 4 (10)

- (a) 5C
- (b) 5C

Ceist 5 (15)

- (a) 5A
- (b), (c) 5B
- (d) 5B

Ceist 6 (30)

- (a), (b) 10C
- (c) 5B
- (d) 10C
- (e) 5B

Ceist 7 (25)

- (a) 15D
- (b) 10D

Ceist 8 (30)

- (a) 10C
- (b) 5B
- (c) 5C
- (d)(e) 10D

Ceist 9 (15)

- (a), (b)(c) 10D
- (d) 5C

Ceist 10 (10)

- (a) 5C
- (b) 5C

Ceist 11 (25)

- (a)(i) 10C
- (a)(ii) 5A
- (b) 5C
- (c) 5B

Ceist 12 (20)

- (a) 5B
- (b), (c) 10C
- (d) 5B

Ceist 13 (5)

5D

Réitigh Shamplacha agus Nótaí Marcála

Nóta: Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith— d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

I gcás go dtagraítear “d’obair lena ngabhann fiúntas” sna nótaí marcála, tugtar sampla(i) chun an gcaighdeán oibre a mheasfar mar obair lena ngabhann fiúntas sa cheist faoi leith sin a thaispeáint.


C1	Réiteach Samplach – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a)	<p>(i) 421</p> <p>(ii) $\frac{216}{5}$ nó $43 \cdot 2$</p> <p>(iii) $24 \div 2 = 12$</p> <p>(iv) 81</p>	<p>Scála 15D (0, 6, 10, 12, 15)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: $9 - 7$ go páirteach (iii) <p><i>Páirtchreidiúint mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> 2 cheann i gceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> 3 i gceart
(b), (c)	<p>(b) 16</p> <p>(c) $30 - 16 = 14$ $14 \div 2 = 7$ $16 + 7 = 23$</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>$\frac{16+30}{2} = \frac{46}{2} = 23$</p>	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: i (b), freagra de 15; i (c), oibríocht ábhartha curtha in iúl, nó tosaítear ar uimhreacha a liostú ó 16 go 30 <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> 1 chuid ceart Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid

Q2	Réiteach Samplach – 35 Marc	Nótaí Marcála
(a)	<p>(i) $18.95 + 4.95 = [€]23.90$</p> <p>(ii) $50 - 23.90 = [€]26.10$</p>	<p>Scála 15C (0, 5, 10, 15)</p> <p>Glac le freagra ceart gan aonad nó le haonad mícheart</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Luach ceart roghnaithe ón tábla • Cuirtear le chéile dhá uimhir mhíchearta ó tháblaí difriúla, m.sh. $15.95 + 4.50 = 20.45$ <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (i) nó (ii) ceart
(b)	$4 \times 3 = 12$	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: roinnt liostáil ábhartha <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Liostáiltear gach uile cheann de na 12 thoradh fhéideartha nó de na 11 thoradh fhéideartha eile
(c)	$72 \times \frac{15}{100} = 10.8 = [€]11$	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: úsáid ábhartha bainte as 72 nó 15% <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Gan slánú ar bith ann nó slánú mícheart
(d)	<p>triúr (3): €96</p> <p>1 duine: $96 \div 3 = 32$</p> <p>ochtar (8): $8 \times 32 = [€]256$</p>	<p>Scála 10C (0, 4, 7, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas: iolrú nó roinnt éigin atá ábhartha <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Séisíní aimsithe do dhuine amháin (€32)

Q3	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$180 \times 80 \times 20 = 288\,000 \text{ [cm}^3\text{]}$	Scála 5B (0, 2, 5) <i>Páirtchreidiúint</i> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: úsáid bainte as 180, 80 and 20, or oibrítear amach achar aon taobh amháin m.sh. 180×80 • $\text{Toirt} = l \times b \times h$ <i>Creidiúint Iomlán (-1)</i> <ul style="list-style-type: none"> • $180 \times 80 \times 20$
(b)	$60 \times 800 = 48\,000 \text{ cm}^3$ in aghaidh an nóiméid $\frac{288000}{48000} = 6$ nóiméad	Scála 10C (0, 4, 7, 10) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, cuirtear 60, nó iolrú faoi/roinnt ar in iúl 800 <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> • Áireamh ceart amháin: 60×800, nó $\frac{288000}{60}$, nó $\frac{288000}{800}$
(c)	$9:35 + 0:45$ $= 9:80 = 10:20 \text{ [p.m.]}$	Scála 10B (0, 5, 10) Glac le freagra ceart gan aonad nó le haonad mícheart <i>Páirtchreidiúint</i> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, cuireann sé 60 in iúl, nó cuirtear dhá am ábhartha le chéile
(d)	$\frac{15.95}{0.9} = \text{€}17.72$ NÓ $\frac{1}{0.9} = 1.1$ $15.95 \times 1.1 = \text{€}17.72$	Scála 5B (0, 2, 5) Glac le freagra ceart gan aonad. <i>Páirtchreidiúint</i> <ul style="list-style-type: none"> • 15.95×0.9 • 14.35 nó 14.36 nó 14.356 agus gan obair le sonrú • $\frac{0.9}{15.95}$ <i>Creidiúint Iomlán - 1</i> <ul style="list-style-type: none"> • $15.95 \times 1.1 = 17.55$ • $\text{€}17.72$ [Freagra ceart, slánú mícheart]


C4	Réiteach Samplach – 10 Marc	Nótaí Marcála
(a)	(i) [Seachtain] 3 (ii) 2 [GB] (iii) [Seachtain] 4	Scála 5C (0, 2, 3, 5) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> Ceann amháin ceart <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> Dhá i gceart
(b)		Scála 5C (0, 2, 3, 5) <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> Pointe amháin breactha i gceart Ríomhadh luach(anna) ach níor breacadh iad <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> 3 phointe breactha go cruinn <i>Creidiúint Iomlán (-1)</i> <ul style="list-style-type: none"> Pointí breactha i gceart ach níor ceanglaíodh iad Ríomhtar úsáid sonraí de chuid Chiaráin ar bhonn seachtainiúil trí luach $\neq 2$ a chur leis, i gcomhréir le gach pointe, agus an graf tarraingthe

C5	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)	Jerome / Marcella / Tim / Denise	Scála 5A (0, 5)
(b), (c)	(b) Ba 3 dhalta a rothaigh (c) Tim / Denise	Scála 5B (0, 2, 5) <i>Páirtchreidiúint</i> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: liostáiltear na daltaí i C i bpáirt (b) Cuid amháin ceart
(d)	$\frac{4}{6}$ nó $\frac{2}{3}$	Scála 5B (0, 2, 5) <i>Páirtchreidiúint</i> <ul style="list-style-type: none"> Uimhreoír nó ainmneoir i gceart

C6	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála														
(a), (b)	<p>(a) $10 + 15 + 25 + 32 + 10 + 3 = 95$</p> <p>(b) $350 - 400$</p>	<p>Scála 10C (0, 4, 7, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: roinnt suimiú ábhartha i (a), nó tuiscint léirithe ar mód i (b) <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (a) nó (b) ceart • Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid 														
(c)	<p>(i) 3</p> <p>(ii) $10 + 3 = 13$</p>	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (i) nó (ii) ceart • (i) agus (ii) aisiompaithe 														
(d)	 <table border="1" data-bbox="311 891 869 1232"> <caption>Data for Histogram</caption> <thead> <tr> <th>Interval</th> <th>Frequency</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>200-250</td> <td>10</td> </tr> <tr> <td>250-300</td> <td>15</td> </tr> <tr> <td>300-350</td> <td>25</td> </tr> <tr> <td>350-400</td> <td>32</td> </tr> <tr> <td>400-450</td> <td>10</td> </tr> <tr> <td>450-500</td> <td>3</td> </tr> </tbody> </table>	Interval	Frequency	200-250	10	250-300	15	300-350	25	350-400	32	400-450	10	450-500	3	<p>Scála 10C (0, 4, 7, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, pointe/barra breactha i gceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 3 barra i gceart
Interval	Frequency															
200-250	10															
250-300	15															
300-350	25															
350-400	32															
400-450	10															
450-500	3															
(e)	<p><i>Míniú ábhartha ar bith, a dhéanann tagairt do chomhthéacs na ceiste, mar shampla:</i></p> <p>Léim leath de na daltaí níos lú ná 331 cm</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>Léim leath de na daltaí níos mó ná 331 cm</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>Is í sin an léim sa lár, nuair a chuirtear na faid in ord</p>	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Léirítear tuiscint éigin ar an airmheán • Luaitear ‘meán’ 														


C7	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	<p>(i) Comhchosach</p> <p>(ii) $180 - (70 + 70) = 40[^\circ]$</p> <p>(iii) $B = 180 - 70 = 110[^\circ]$</p>	<p>Scála 15D (0, 6, 10, 12, 15)</p> <p>Glac le freagra ceart gan aonad nó le haonad mícheart</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin de, mar shampla: luaitear 180°, nó luaitear suimiú nó dealú éigin atá ábhartha <p><i>Páirtchreidiúint mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (ii) nó (iii) ceart (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas i leith (ii) nó (iii) <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Dhá chuid atá ceart Cuid (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (ii) agus (iii)
(b)	<p>Bíonn</p> <p>Ní bhíonn</p> <p>Ní bhíonn</p> <p>Bíonn</p>	<p>Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Ceann amháin ceart <p><i>Páirtchreidiúint mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Dhá i gceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Trí cinn i gceart

C8	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála
(a)	<p>(i) 98.6 [°F]</p> <p>(ii) 38 [°C]</p>	<p>Scála 10C (0, 4, 7, 10)</p> <p>Lamháltas de ± 0.2</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair ábhartha éigin ar an ngraf <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (i) nó (ii) ceart Freagraí cearta, ní léirítear an obair ar an ngraf Tarraingítear na línte cearta ar an ngraf ach ní thugtar freagra ar bith

C8	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála
(b)	(32, 89 · 6)	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p>Lamháltas de ± 0.2 le haghaidh y-luach.</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • x nó y comhordanáid faighte amach • Comhordanáidí aisiompaithe, ach iad i gceart seachas sin
(c)	$\frac{95-86}{35-30} = \frac{9}{5}$ nó 1.8	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, foirmle ghrádáin cheart • Lipéadaítear (x_1, y_1) agus (x_2, y_2) <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Foirmle ionadaithe go hiomlán
(d), (e)	<p>(d)</p> <p>2. Tá an teocht idir 36 agus 38</p> <p>3. $T > 38$</p> <p>(e)</p>  <p>A number line is shown with tick marks from 34 to 40. A blue circle with a plus sign is drawn around the number 36.</p>	<p>Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)</p> <p>Tá 3 mhír de dhíth: an déan cur síos, an éagothroime, agus an graf.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: liostaítear roinnt luachanna idir 36 agus 38 i 2., nó liostaítear roinnt luachanna atá níos mó ná 38 in 3. <p><i>Páirtchreidiúint mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Aon mhír amháin cheart • Obair lena ngabhann fiúntas maidir le 2 mhír <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Dhá mhír chearta • Aon mhír amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas ag baint le 2 mhír eile

C9	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a), (b), (c)	<p>(a) $110 - 75 = [\text{€}] 35$</p> <p>(b) $120 + 45 = [\text{€}] 165$</p> <p>(c) $5n - 3n = [\text{€}] 2n$</p>	<p>Scála 10D (0, 3, 5, 8,10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: praghas díola = costphraghas + brabús <p><i>Páirtchreidiúint mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 1 chuid ceart • Obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 2 chuid de atá ceart • 1 cheann amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas ag baint leis an dá chuid eile
(d)	$\frac{80}{320} \times 100 = 25\%$	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Uimhreoir nó ainmneoir i gceart • Léirítear tuiscint éigin ar chéatadán <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Codán ceart • 0.25 • Oibrítear an brabús amach mar chéatadán den phraghas díola

C10	Réiteach Samplach – 10 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$\left[\frac{14}{21} + \frac{15}{21}\right] = \frac{29}{21}$	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: comhainmneoir a oibriú amach <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> $\frac{14}{21}$ nó $\frac{15}{21}$
(b)	$4k - 7 + 7 = 41 + 7$ $4k = 41 + 7$ $4k = 48$ $k = 12$	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: trasuí nó triail agus earráid éigin atá i gceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> $4k = 48$ Trasuitear an 7 go mícheart agus críochnaítear i gceart

C11	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)(i)		<p>Scála 10C (0, 4, 7, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Aon pointe nó aon mhírlíne i gceart Iarracht ar sceitse a dhéanamh <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Dhá líne i gceart <p><i>Creidiúint Iomlán –1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Níor úsáideadh rialóir
(a)(ii)	30°	<p>Scála 5A (0, 5)</p> <ul style="list-style-type: none"> Glac le $28 \leq A \leq 32$

C11	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(b)	$B^2 = 96^2 + 180^2 .$ $B^2 = 9216 + 32400$ $B^2 = 41616$ $B = 204 \text{ [cm] } B$	<p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Roinnt ionadaíochta isteach san fhoirmle • 96^2 nó 180^2 measúnaithe • Luaitear Teoirim Phíotágaráis <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Ionadú iomlán ceart • luach faighte i gceart do 96^2 agus 180^2
(c)	$\tan^{-1} \left(\frac{96}{180} \right) = 28.07 \dots = 28 [^\circ] .$	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • $\tan^{-1} \frac{m}{n}$ <p><i>Creidiúint Iomlán (-1)</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • An t-áireamhán sa mhód mícheart • Gan slánú ar bith ann nó slánú mícheart

□

C12	Réiteach Samplach – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a)	<p><i>Tomhaistear achar i: km²</i></p> <p><i>Tomhaistear fad i: km</i></p>	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Ceann amháin ceart
(b), (c)	<p>(b) $2 \times \pi \times 5 = 31.41 \dots = 31.4$ [km] [1 DP]</p> <p>(c) $\pi \times r^2 = \pi \times 5^2$ $= 78.53 \dots = 78.5$ [km²] [1 DP]</p>	<p>Scála 10C (0, 4, 7, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: cuirtear in iúl $r = 5$, nó foirmle cheart i (c) <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid amháin ceart • Ionadú déanta go hiomlán i gceart sa dá chuid <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Slánú mícheart nó slánú ar bith déanta i gcuid amháin de nó sa dá chuid, é i gceart seachas sin
(d)	<p><i>Freagra: Seicheamh 1</i></p> <p><i>Cúis: cúis bhailí ar bith, mar shampla:</i> Méadaíonn sé faoin tsuim chéanna gach uair</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p><i>Athraíonn Seicheamh 2 de réir suimeanna difriúla</i></p>	<p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Seicheamh 1 aitheanta • Déantar idirdhealú idir dhá théarma • Seicheamh mícheart ach cúis cheart tugtha

C13	Réiteach Samplach – 5 Mharc	Nótaí Marcála
(a)(b) & (c)	<p>(a) $2a + 6a - 5n + 2n$ $= 8a - 3n$</p> <p>(b) $y = \frac{3(10)+70}{5} = \frac{100}{5} = 20$</p> <p>(c) $(x - 3)(x - 4)$</p>	<p>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: i (a): cuirtear in iúl cad iad na téarmaí atá sa athróg chéanna, nó in (b): ionadaítear $n = 10$ nó i (c): tá x^2 nó 12 fachtóirithe i gceart <p><i>Páirtchreidiúint mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 1 chuid amháin i gceart nó obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Dhá chuid chearta • 1 chuid amháin i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa 2 chuid eile



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin a **shlánú síos**.

Tábla 270 @ 5%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 270 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 202 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
203	10
204 - 210	9
211 - 216	8
217 - 223	7
224 - 230	6
231 - 236	5

Bunmharc	Marc Bónais
237 - 243	4
244 - 250	3
251 - 256	2
257 - 263	1
264 - 270	0